



tá músaem tábhachtach: ag teacht ar oidhreacht na hÉireann

To an imaginative person, an inherited object ... is not just an object, an antique, an item on an inventory; rather it becomes a point of entry into a common emotional ground of memory and belonging. It can transmit the climate of a lost world and keep alive in us a domestic intimacy with realities that otherwise might have vanished. The more we are surrounded by such objects and are attentive to them, the more richly and contentedly we dwell in our own lives.

Seamus Heaney

'The Sense of the Past' *History Ireland* 1999 1 (4)

Tá rudaí, nó rudaí ábhartha, lárnach i dtaitní páistí i músaem. Is féidir le rudaí a lán seansanna a chruthú le haghaidh foghlama agus cabhraíonn siad le stíleanna éagsúla foghlama, ionas go mbeidh cuimhní buana ag páistí faoina gcuart ar an músaem, cuimhní a bhfuil brí leo.

Tá na hacmhainní múinteoireachta cosúil leis na cinn a bhfuil cur síos orthu sna nótaí agus sna bileoga oibre seo, chomh maith lena lán smaointe agus clár oideachais eile, ar fáil i músaem.

Is féidir na hacmhainní seo a úsáid mar spreagadh trasna an churaclaim agus le daltaí ag aois ar bith. Tá naisc shoiléire leis an stair, leis na heolaíona agus leis an eolaíocht, ach is féidir scileanna teanga agus litearthachta, an tíreolaíocht agus an drámaíocht a mhúineadh go han-éifeachtach ag baint úsáid shamhlaíoch as músaem áitiúla agus as acmhainní oidhreachta.

Tá saibhreas stair na hÉireann i músaem. Tá siad lán de rudaí, de scéalta, de smaointe agus de dhaoine eolacha cruthaitheacha. Nuair a nascann na rudaí seo le saineolas gairmiúil an mhúinteora is féidir leo gnéithe draíochtach eile a chur le foghlaim an pháiste.

Samplaí de thorthaí foghlama cineálacha (generic) ar chuairt ar mhúsaem:

Eolas agus tuiscint: tuilleadh a fhoghlaim faoi ábhar an taispeántais agus an bhaint atá aige leis an ngnáthshaol a thuiscint

Scileanna: scileanna comhoibríthe a fhorbairt trí oibriú le chéile, éisteacht, fhéachaint agus chumarsáid éifeachtach a dhéanamh

Barúlacha agus Luachanna: muinín agus féinmheas a mhéadú; mórtas oidhreachta áitiúla, réigiúnaí agus náisiúnta

Taitneamh, Inspioráid, Cruthaitheacht: gur bhain na daltaí úsáid as a samhlaíocht agus gur bhain siad taitneamh as an gcuart; gur spreag an bailiúchán iad chun píosa ealaíne a dhéanamh agus gur bhain siad taitneamh as

Gníomhaíocht, Iompraíocht & Dul Chun Cinn: an rún a bheith ag daltaí chun cuairt a thabhairt ar an músaem arís go neamhspleách

Tá torthaí foghlama áirithe ag baint le snáitheanna éagsúla curaclaim (Na hAmharcealaíona, Teanga, OSIE) agus le scéimeanna oibre in Eochairchéimeanna 1-4.

Tá bileog oibre ar fáil le haghaidh daltaí bunscoile (Rang 1 - 6/ Eochairchéim 1&2) agus tá moltaí ann le haghaidh gníomhaíochtaí ranga roimh do chuairt agus ina diaidh (thíos).

Tá dhá cháipéis eile ar fáil le híoslódáil le haghaidh mac léinn atá níos sine, an tSraith Shóisearach / Eochairchéim 3 agus an tSraith Shinsearach / Eochairchéim 4.

AG DUL AR CUAIRT CHUIG AN TAISPEANTAS LE RANGANNA BUNSCOILE / EOCHAIRCHEIM 1&2

Roimh an gcuart ar an taispeántas:

Labhair leis na páistí faoi mhúsaeim agus faoi na rudaí a bhíonn ar siúl iontu.

Déan plé ar cén fáth a bhfuil cineálacha áirithe rudaí i músaeim.

Léirigh an nasc idir a gcuid oibre scoile agus an chuairt ar an músaeim.

Tabhair roinnt tascanna do na páistí, tascanna a bheidh le déanamh acu agus iad ag an taispeántas.

D'fhéadfaidís:

1. Cur síos a dhéanamh ar an tslí a dteann an foirgneamh i bhfeidhm orthu, ar an atmaisféar, ar an gcaoi a bhfuil na rudaí ar taispeáint. D'fhéadfaidís na smaointe seo a scrúdú agus a fhorbairt trí eolas a bhailiú i leabhar sceitseála chun ábhar nó réimse a roghnú ar mian leo a fhorbairt níos déanaí
2. Aird a dhíriú ar phríomhfheidhm a gcuairte, mar shampla – ar eochairsmaoineamh nó ar líon beag rudaí nó seomraí.
3. Na rudaí ar taispeáint a scanadh agus iarracht a dhéanamh naisc a aithint eatarthu, mar shampla, ag déanamh nasc idir rudaí ó thréimhsí éagsúla a bhfuil feidhmeanna comhchosúla leo.
4. iarracht a dhéanamh eolas a bhailiú go tapa, mar shampla – Cad é an rud is sine? Cad é an rud is luachmhaire? Cad é an rud is úsáidí?
5. Taighde neamhspleách a dhéanamh, mar shampla, ag roghnú an rud is fearr leo agus iarracht a dhéanamh é a chruthú sa rang níos moille, agus iad ag ligean orthu gurb iad an t-ealaíontóir nó an déantóir in am éagsúil nó i gcultúr eile.

Le linn na cuairte nó ag baint úsáide as an mbailliúchán is féidir a láimhseáil:

Bain úsáid as na bileoga gníomhaíochta atá ar fáil nó déan do chuid féin.

Bain úsáid as sraith ceisteanna oscailte (ginearálta) chun rud a phlé:

Ábhair

Cén dath é? Cad de a bhfuil sé déanta?

Cé chomh mór agus atá sé? An bhfuil sé trom nó éadrom? Cén cruth atá air?

An bhfuil sé crua nó bog, garbh nó min? An bhfuil sé te nó fuar? An gcruthaíonn sé fuaim?

Déanamh

Cé a rinne é? Cén uair a rinneadh é? Cén áit a ndearnadh é? Cén fáth a ndearnadh é?

Úsáid

Cén feidhm atá aige? Cé a d'úsáidfeadh é? Cén fáth a n-úsáidfeadh sé/sí é? Cén uair a d'úsáidfeadh sé/sí é? Cá háit a n-úsáidfeadh sé/sí é?

Luach Aeistéiticiúil

An maith leat an chuma atá air? Cén fáth? Cad a dhéanfá chun feabhas a chur a chur ar chuma an ruda?

I ndiaidh cuairt a thabhairt ar an músaeim:

Caith súil siar ar an gcuart leis na páistí. Spreag iad chun freagraí a thabhairt ar na rudaí nó ar na bpictiúir ar shlí oscailte: An ndeachaigh siad i bhfeidhm orthu? Ar spreag siad iad? Cad a déarfadh an t-ealaíontóir nó an déantóir faoin rud? Cad a léiríonn an rud faoin am nó faoin gcultúr inar mhair an rud?

Bain triail as roinnt cleachtaí ealaíon agus ceardaíochta leis na páistí. Bunaigh iad ar na rudaí a bhí na páistí in ann a láimhseáil sa bhailiúchán. Úsáid ábhair éagsúla, uirlisí agus teicnící, mar shampla – cros Naomh Bríde a dhéanamh nó na codanna éagsúla den tua a fhoghlaim agus ansin a chur le chéile (tá treoracha simplí faoi seo ar fáil).

Bain úsáid as cártaí poist a fuair na páistí sa mhúsaeim nó sa ghailearaí, mar shampla:

Cluiche an tseandálaithe:

Faigh cárta poist a bhfuil rud air. Gearr é. Roinn an rang i ngrúpa agus tabhair píosa éagsúil den chárta do gach grúpa. Iarr orthu a shamhlú gur seandálaithe iad agus go bhfuil píosa beag de rud faighte acu sa talamh. Cad é atá ann? Cén cruth atá ar an rud iomlán? Cén fheidhm a bhí aige. Cé chomh sean agus atá sé? An féidir leo an chuid eile den rud a tharraingt. An féidir leo cur síos a dhéanamh air don chuid eile den rang. An bhfuil an leagan acu cosúil leis an rud é féin?

Is féidir cártaí poist a úsáid le haghaidh cluichí cuimhní, 'péirí'. Is féidir leo tús a chur le díospóireachtaí agus le cleachtaí scríbhneoireachta cruthaithí.

Baineann na gníomhaíochtaí seo úsáid as slite spráúla chun foghlaim faoin stair, faoin tíreolaíocht, faoin ealaín agus faoin gceardaíocht, faoin reiligiún agus faoin saol pearsanta, faoin tsaoránacht agus faoin oideas sóisialta sláinte.



Tá sé mar chúram ag an Irish Museums Association tacú le músaeim ar fud na hÉireann, agus gach rud a bhaineann le músaeim a chur chun cinn.

Irish Museums Association; +353 1 6633579 R-phost: office@irishmuseums.org www.irishmuseums.org

Is le cabhair ó COGG a cuireadh an leagan Gaeilge den bhileog oibre seo ar fáil. www.cogg.ie